Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2025/2145(DEC)

28.1.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn III – an Coimisiún (2025/2145(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Raquel García Hermida-Van Der Walle

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach; de bhrí go bhfuil an tAontas tiomanta do chomhionannas a chur chun cinn i ngach gníomhaíocht faoi Airteagal 8 CFAE, lena mbunaítear príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne i ngach beartas; de bhrí nach bhfuil na buiséid inscne-neodrach agus nach mór iad a tharraingt suas agus a urscaoileadh agus é mar chuspóir acu an comhionannas inscne a bhaint amach; de bhrí nach gcumhdaítear comhionannas inscne amháin le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ach go gcosnaítear dínit an duine agus go gcuirtear cosc ar gach cineál idirdhealaithe, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar chlaonadh gnéasach agus ar inscne (féiniúlacht);

B. de bhrí gur iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún arís agus arís eile an príomhshruthú inscne, lena n-áirítear buiséadú inscne, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme i réimsí beartais uile an Aontais; de bhrí nach mór dearcadh trasnach a chomhtháthú sa bhuiséadú inscne;

C. de bhrí go bhfuil méadú suntasach déanta ag an Aontas ar leithdháiltí don mhíleatú, lena n-áirítear airm, bonneagar, taighde slándála, soghluaisteacht mhíleata, faireachas ar theorainneacha agus seachtrú; de bhrí go bhfuil an baol ann go ndéanfaidh na haistrithe sin acmhainní a atreorú ón gcomhionannas inscne, ón gcomhtháthú sóisialta agus ón gcomhrac i gcoinne an fhoréigin inscnebhunaithe;

D. de bhrí gurb é 63.4 scór Innéacs Comhionannais Inscne 2025 don Aontas, ar méadú 10.5 pointe é ó 2010 i leith; de bhrí go bhfuil baint amach an chomhionannais inscne san Aontas fós 50 bliain eile ar a laghad ar shiúl; de bhrí go raibh tionchar diúltach ar chomhionannas inscne san Aontas ag gluaiseachtaí frith-inscne atá ag dul i méid, ag gnéasachas agus treochtaí láidre claonta in aghaidh na mban agus ag na frithfhreagairtí i gcoinne comhionannas inscne, go háirithe maidir le sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo i roinnt Ballstát, de bhrí go bhfuil tionchar breise ag na cogaí, an aeráid leanúnach, fuinneamh, géarchéimeanna sóisialta agus géarchéim an chostais maireachtála a dhéanann difear díréireach do mhná ar chomhionannas inscne;

E. de bhrí go ndéantar foréigean ar bhean amháin as gach triúr; de bhrí go bhfaigheann 140 bean agus cailín ar fud an domhain bás faoi lámha páirtí nó gaoil gach lá; de bhrí, an 7 Bealtaine 2024, gur glacadh an Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus gur tháinig sí i bhfeidhm an 14 Meitheamh 2024; de bhrí go bhfuil méadú mór tagtha ar an éadulaingt i leith daoine LADTIA+, go háirithe daoine trasinscneacha, i gcomparáid le 2019; de bhrí go bhfuil méadú tagtha ar fhoréigean agus ar choireanna fuathspreagtha i gcoinne daoine LADTIA+ i gcomparáid le 2019; leis an méadú is géire ar ionsaithe ar mhná trasinscneacha agus ar fhir thrasinscneacha; de bhrí gur ionstraim ríthábhachtach de chuid an Aontais é Clár Daphne, atá dírithe ar íospartaigh an fhoréigin a chosaint, lena n-áirítear mná agus leanaí, chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus chun cearta bunúsacha a

chaomhnú, agus gur cheart a chistiú agus a thacaíocht leanúnach a áirithiú laistigh de chreat buiséadach agus beartais an Aontais;

F. de bhrí go neartaítear fás eacnamaíoch, athléimneacht agus comhtháthú sóisialta ar fud an Aontais trí infheistíocht a dhéanamh i gcomhionannas inscne; de bhrí go n-éilíonn geilleagar dinimiciúil agus iomaíoch comhionannas inscne, fiontraíocht agus nuálaíocht; de bhrí go n-éilíonn beartas eacnamaíoch príomhshruthú inscne freisin, rud lena n-áiritheofar go n-oibríonn geilleagar na hEorpa do gach bean; de bhrí, trí thacú le mná a ngnólachtaí féin a thosú agus a reáchtáil, go rannchuidítear le héagsúlú eacnamaíoch agus go laghdaítear bearnaí inscne maidir le rochtain ar fhiontraíocht agus ar cheannaireacht;

1. á chur i bhfáth gur cheart gné an chomhionannais inscne a chomhtháthú agus a áirithiú i ngach réimse beartais, go háirithe i bhfianaise na n-éifeachtaí iomadúla i dtaobh inscne atá ag na géarchéimeanna éagsúla leanúnacha aeráide, fuinnimh, sóisialta, cogaí agus costais mhaireachtála, agus béim a leagan ar shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo agus ar na frithfhreagairtí i gcoinne an chomhionannais inscne agus chearta na mban san Aontas; á athdhearbhú, dá bhrí sin, go gcuirfí buiséadú inscne chun feidhme ag gach céim ábhartha iomchuí den phróiseas buiséadach; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar phríomhshruthú inscne ó thús dhearadh an chláir agus foráil chothrománach maidir le comhionannas inscne a leagan síos a mbeidh cuspóir ginearálta comhionannais aici;

2. ag aithint thiomantas an Aontais don phríomhshruthú inscne agus d'fheabhas a chur ar an modheolaíocht chun an caiteachas inscne a rianú; á chur in iúl gur oth léi nach léiríonn modheolaíocht reatha an Choimisiúin na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann agus go bhfuil éiginnteacht mar thoradh uirthi in 20 % de chásanna maidir le tionchar inscne; ag tathant ar an gCoimisiún feabhas a chur ar a uirlisí measúnaithe chun torthaí níos soiléire a áirithiú agus chun tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann a rianú; á mheas go bhféadfaí an mhodheolaíocht rianaithe a chomhlánú le híoschritéir éigeantacha amhail measúnuithe tionchair inscne ar cheart iad a nascadh leis na córais rianaithe;

3. á chur in iúl gur geal léi gur nuashonraíodh treoirlínte agus bosca uirlisí do rialáil níos fearr; á chur in iúl gur oth léi an easpa dul chun cinn in anailísí inscne a dhéanamh ar riachtanais agus ar thionchair chláir chistiúcháin an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnuithe tionchair iomaíocha a úsáid, lena n-áirítear anailísí atá íogair ó thaobh inscne de, agus cláir agus ionstraimí cistiúcháin an Aontais á gceapadh agus á gcur chun feidhme aige, chun torthaí beartais éifeachtacha agus cothroma a áirithiú; agus á iarraidh ar an gCoimisiún na hanailísí sin a dhéanamh go comhsheasmhach; á iarraidh ar an gCoimisiún príomhshruthú inscne a chomhtháthú go hiomlán sa chéad CAI eile chun gné na hinscne a áireamh i ngach réimse beartais agus i ngach buiséad agus i ngach beart maolaithe, agus i gcás inarb ábhartha buiséadú inscne agus é mar chuspóir aige cearta na mban agus comhionannas inscne a chur chun cinn;

4. ag tabhairt dá haire nach leor fós an fhaisnéis faoi thionchar inscne bhuiséad an Aontais; ag cur béim ar easnaimh i mbailiú, i dtuairisciú agus i meastóireacht láimhe ar shonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de agus lena n-áirítear cur chuige trasnach; á iarraidh ar an gCoimisiún chun feabhas a chur ar cháilíocht sonraí; á chur i bhfios gurbh í an

phríomhfhoghlaim i dtaca le cur i bhfeidhm na modheolaíochta píolótaí ná nach raibh ach féidearthacht theoranta ann chun scóir nithiúla a shannadh mar gheall ar easpa sonraí riachtanacha; á iarraidh go mbeadh na sonraí uile inchomparáide ionas go mbeidh siad úsáideach do cheapadh beartas; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá ceanglais bailithe sonraí chun bailiú cuimsitheach sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a chumasú i gcomhthéacs bheartais ábhartha uile an Aontais agus ag tathant ar an gCoimisiún caitheamh leis seo mar thosaíocht; ag tathant ar an gCoimisiún caitheamh leis seo mar thosaíocht;

5. á iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar an gcéatadán de bhuiséad an Aontais ar cheart dó tacú leis an gcomhionannas inscne; á iarraidh, thairis sin, go mbeadh cuspóirí agus táscairí feidhmíochta i reachtaíocht uile na todhchaí, céad-CAI eile san áireamh.

6. á iarraidh ar an gCoimisiún céatadán iomchuí de bhuiséad iomlán an Aontais, de Shraith Comhionannais agus Chearta chlár CERV agus de chlár Daphne a thiomnú; á chur in iúl gur oth léi an easpa línte buiséid sonracha le haghaidh bearta atá tiomnaithe don chomhionannas inscne; ag athdhearbhú a hiarrata go mbeadh líne bhuiséid thiomnaithe ann do chlár Daphne chun trédhearcacht agus cuntasacht i ndáileadh cistí a mhéadú; á iarraidh go mbeidh creat maoinithe chobhsaí ann chun éifeachtacht agus inbhuanaitheacht Chlár Daphne a áirithiú, chun tacú le cosaint ban agus leanaí ar an bhforéigean. á chur in iúl gur oth léi cumasc Eoraip na Cruthaitheachta agus CERV sa CAI atá beartaithe toisc go laghdaíonn sé infheictheacht chlár Daphne; ag tathant ar an Aontas tosaíocht a thabhairt don chlár;

7. á chur in iúl gur geal léi an treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac; ag tathant ar na Ballstáit an treoir a chur chun feidhme go pras agus á iarraidh ar na Ballstáit líon na n-ionad dídine d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh a mhéadú, agus tagairt shonrach á déanamh do na cuótaí a bunaíodh i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, ar a dtugtar Coinbhinsiún Iostanbúl (áit teaghlaigh amháin in aghaidh gach 10 000 duine); á chur i bhfáth go bhfuil feimeamharú, a shainmhínítear mar mharú ban agus cailíní a bhaineann le hinscne, ar cheann de na cineálacha foréigin inscnebhunaithe is measa agus gur sárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha é; ag cáineadh go láidir nach ann do shainmhíniú comhchuibhithe agus na neamhréireachtaí leanúnacha i mbailiú sonraí agus i dtuairisciú ar an gcoireacht sin; á iarraidh go ndéanfaí sainmhíniú Eorpach ar an gcoir sin;

8. á thabhairt chun suntais, mar gheall ar an méadú atá tagtha ar an éadulaingt i leith daoine LADTIA+, gur gá buiséad leordhóthanach a leithdháileadh ar bhearta lena ndéantar daoine fóibe faoi dhaoine LADTIA+ a chomhrac, amhail, i measc nithe eile, línte teileafóin le haghaidh comhairleoireachta agus airde, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá sé aitheantas iomlán a thabhairt do mhná trasinscneacha mar mhná, ag tabhairt dá haire go bhfuil a gcuimsiú bunriachtanach d'éifeachtacht aon bheartais maidir le comhionannas inscne agus frithfhoréigean; á iarraidh go n-aithneofaí mná trasinscneacha agus go mbeadh rochtain chomhionann acu ar sheirbhísí cosanta agus tacaíochta; á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar daoine LADTIA+ a chosaint go hiomlán agus go héifeachtach ar idirdhealú, ciapadh agus foréigean, lena n-áirítear trí chreataí dlíthiúla náisiúnta a neartú, trí shásraí tuairiscithe a fheabhsú agus trína áirithiú

go ndéanfar coireanna fuathspreagtha a imscrúdú agus a ionchúiseamh go cuí; á iarraidh ar an gComhairle, thairis sin, leanúint den obair ar threoir an Aontais maidir leis an bhfrith-idirdhealú; ag tathant ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh luachanna an Aontais ag na Ballstáit agus nósanna imeachta um shárú a thionscnamh i gcás inar gá;

9. ag meabhrú thiomantas an Choimisiúin ina threoirlínte polaitiúla dlús a chur lena rannpháirtíocht le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil saineolas acu agus a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le saincheisteanna sochaíocha sonracha a chosaint agus cearta an duine a chaomhnú; á mheabhrú go bhfuil sé ríthábhachtach gur féidir le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, trí chistiú ón Aontas, dul i mbun ‘idirphlé oscailte, trédhearcach agus struchtúrtha le hinstitiúidí an Aontais’ mar a chumhdaítear in Airteagal 11 CAE trí ghníomhaíochtaí amhail gníomhaíochtaí abhcóideachta, léirsithe, nó gníomhaíochtaí breithiúnacha agus gur cheart go mbeidís sin fós incháilithe sna cláir chistiúcháin ábhartha agus go mbeadh cistiú tiomnaithe leordhóthanach ar fáil dóibh;

10. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí thionscnaimh lena gcothaítear rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair, san fhiontraíocht agus sa cheannaireacht;

11. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di an t-idirghaol idir na hionsaithe ar an smacht reachta, ar an daonlathas agus ar chearta an duine agus an fhrithfhreagairt i gcoinne an chomhionannais inscne agus chearta na mban; ag cur béim ar an bhfíoras gur gníomhaithe fíor-riachtanacha iad eagraíochtaí neamhspleácha agus dea-acmhainní um chearta na mban chun comhionannas inscne a chur chun cinn, chun sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo a chur chun tosaigh, agus chun an daonlathas agus cearta an duine a chosaint; á chur i bhfios go láidir, i gcomhthéacs thionchar méadaitheach na ngluaiseachtaí frith-inscne a shainítear mar ghluaiseachtaí lena bhféachtar leis an mbonn a bhaint den chomhionannas inscne mar bhunluach den daonlathas agus den laghdú atá ag teacht ar an spás don tsochaí shibhialta, go bhfuil dúshláin airgeadais agus oibríochtúla atá ag dul i méid roimh na heagraíochtaí sin; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú nach mbronnfar cistí an Aontais ar aon eintiteas a rannchuidíonn leis an bhfrithfhreagairt i gcoinne chearta na mban, a mhéadaíonn neamhionannais, nó a ghníomhaíonn i gcoinne comhionannas inscne, lena n-áirítear SRHR agus cearta na mban chun sláine coirp, neamhspleáchais agus féinchinntiúcháin; ag tathant ar an gCoimisiún an tírdhreach cistiúcháin domhanda a bhíonn de shíor ag athrú a chur san áireamh agus a áirithiú go leanfaidh sásraí cistiúcháin an Aontais de bheith inrochtana, solúbtha agus freagrúil do riachtanais shonracha agus do cheanglais slándála eagraíochtaí um chearta na mban, go háirithe iad siúd atá ag feidhmiú i gcomhthéacsanna ardriosca;

12. á athdhearbhú gur cearta bunúsacha daonna iad sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR), agus gur gné bhunúsach de dhínit an duine iad a réadú agus gur réamhriachtanas é chun comhionannas inscne a bhaint amach; á iarraidh go ndéanfaí iarracht láidir ar an leibhéal Eorpach chun ár mbunluachanna a chosaint, amhail cearta comhionanna ar neamhspleáchas coirp agus rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, lena n-áirítear ginmhilleadh atá sábháilte agus dlíthiúil; á chur i bhfáth gur gá leithdháiltí buiséadacha a threisiú lena dtacaítear le hurraim uilíoch do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo agus le rochtain uilíoch orthu, lena

n-áirítear ginmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go ndearnadh foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe ar mhná agus ar chailíní i limistéir choinbhleachta agus i gcogaí, mar shampla mná agus cailíní san Úcráin mar thoradh ar chogadh foghach leanúnach na Rúise; ag cáineadh na ngníomhartha sin mar sháruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine; á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le seirbhísí cuimsitheacha tacaíochta do mharthanóirí, amhail tacaíocht leighis, seirbhísí cúraim sláinte atáirgthe gnéis, tacaíocht shíceolaíoch agus dhlíthiúil, agus cúnamh socheacnamaíoch.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim, faoina freagracht eisiach, nár chuir sí san áireamh ina tuairim aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	27.1.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 22 –: 8 0: 2

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

22	+
PPE	Ewa Kopacz, Verena Mertens, Mirosława Nykiel, Giusi Princi, Maria Walsh
Renew	Abir Al-Sahlani, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Lucia Yar, Dainius Žalimas
S&D	Gabriela Firea, Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Maria Noichl, Joanna Scheuring-Wielgus, Cecilia Strada, Marko Vešligaj
The Left	Hanna Gedin, Irene Montero, Carolina Morace
Verts/ALE	Mélissa Camara, Alexandra Geese, Benedetta Scuderi

8	-
ECR	Chiara Gemma, Beatrice Timgren
NI	Fernand Kartheiser
PfE	Mathilde Androuët, Mireia Borrás Pabón, Elisabeth Dieringer, Margarita de la Pisa Carrión, Anders Vistisen

2	0
NI	Judita Laššáková
PPE	Rosa Estaràs Ferragut

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh